Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Nollaig 2024
(OR. en)

16370/24

LIMITE

UD 277

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0288(NLE)**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2283 lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin<br>- Glacadh |

1. An 11 Samhain 2024, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 31 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, faoi bhráid na Comhairle (CFAE).

2. Scrúdaigh an Mheitheal um an Aontas Custaim an togra an 15 Samhain 2024 agus tháinig sí ar chomhaontú maidir lena théacs tríd an nós imeachta i scríbhinn.

3. I bhfianaise an mhéid sin, d'fhéadfadh Coiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an comhaontú ar thángthas air sa Mheitheal a dhearbhú, agus
- a iarraidh ar an gComhairle an Rialachán, mar a leagtar amach in 15493/24 é (an téacs arna athbhreithniú ag na saineolaithe dlí agus teanga), a ghlacadh mar mhír gan phlé ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

---

[1] 15490/24 + ADD 1.